Féile na Carraige

6ú -12ú Deireadh Fómhair / October 2014

glór na móna

Guth Gaelach an Uachtar Chluanaí



Róisín Dubh

A Róisín ná bíodh brón ort fé'r éirigh dhuit:
Tá na bráithre 'teacht thar sáile 's iad ag triall ar muir,
Tiocfaidh do phárdún ón bPápa is ón Róimh anoir
'S ní spárálfar fíon Spáinneach ar mo Róisín Dubh.

Is fada an réim a léig mé léi ó inné 'dtí inniu,
Trasna sléibhte go ndeachas léi, fé sheolta ar muir;
An éirne is chaith mé 'léim í, cé gur mór é an sruth;
'S bhí ceol téad ar gach taobh díom is mo Róisín Dubh.

Mhairbh tú mé, a bhrídeach, is nárbh fhearrde dhuit,
Is go bhfuil m'anam istigh i ngean ort 's ní inné ná inniu;
D'fhág tú lag anbhfann mé i ngné is i gcruth-
Ná feall orm is mé i ngean ort, a Róisín Dubh.

Shiubhalfainn féin an drúcht leat is fásaigh ghuirt,
Mar shúil go bhfaighinn rún uait nó páirt dem thoil.
A chraoibhín chumhra, gheallais domhsa go raibh grá agat dom
-'S gurab í fíor-scoth na Mumhan í, mo Róisín Dubh.

Dá mbeadh seisreach agam threabhfainn in aghaidh na gcnoc,
is dhéanfainn soiscéal i lár an aifrinn do mo Róisín Dubh,
bhéarfainn póg don chailín óg a bhéarfadh a hóighe dhom,
is dhéanfainn cleas ar chúl an leasa le mo Róisín Dubh.

Beidh an Éirne 'na tuiltibh tréana is réabfar cnoic,
Beidh an fharraige 'na tonntaibh dearga is doirtfear fuil,
Beidh gach gleann sléibhe ar fud éireann is móinte ar crith,
Lá éigin sul a n-éagfaidh mo Róisín Dubh.

Little Dark Rose

Little Rose, be not sad for all that hath behapped thee:
The friars are coming across the sea, they march on the main.
From the Pope shall come thy pardon, and from Rome, from the East-
And stint not Spanish wine to my Little Dark Rose.

Long the journey that I made with her from yesterday till today,
Over mountains did I go with her, under the sails upon the sea,
The Erne I passed by leaping, though wide the flood,
And there was string music on each side of me and my Little Dark Rose!

Thou hast slain me, O my bride, and may it serve thee no whit,
For the soul within me loveth thee, not since yesterday nor today,
Thou has left me weak and broken in mien and in shape,
Betray me not who love thee, my Little Dark Rose!

I would walk the dew with thee and the meadowy wastes,
In hope of getting love from thee, or part of my will,
Fragrant branch, thou didst promise me that thou hadst for me love-
And sure the flower of all Munster is Little Dark Rose!

Had I a yoke of horses I would plough against the hills,
In middle-Mass I'd make a gospel of my Little Dark Rose,
I'd give a kiss to the young girl that would give her mouth to me,
And behind the liss would lie embracing my Little Dark Rose!

The Erne shall rise in rude torrents, hills shall be rent,
The sea shall roll in red waves, and blood be poured out,
Every mountain glen in Ireland, and the bogs shall quake
Some day ere shall perish my Little Dark Rose!

Féile na Carraige

6ú-12ú Deireadh Fómhair / October

Fáiltiú

Is mór an lúchair orainn, bord Ghlór na Móna, clár na féile a chur i bhur láthair agus muid ag ceiliúradh an 10ú bliain de Fhéile na Carraige. Le linn na féile i mbliana, tá réimse leathan imeachtaí agus tá rud éigin ann do chách mar is léir ón chlár. Níl le déanamh agaibh ach roghnú cé acu imeachtaí ar suim libh.

Is ceantar í an Uachtar Chluanaí atá bródúil as a hoidhreacht agus stair i leith athbheochan na Gaeilge de, agus tá go leor againn le bheith bródúil as. Is deis í an fhéile, Féile na Carraige, chun gáir mhór a thógáil fán phobal glórmhar Gaelach atá againn sa cheantar seo.

Bígí linn leis an Ghaeilge sa cheantar seo a cheiliúradh!

Bord Ghlór na Móna

Welcome

Glór na Móna are delighted to present this year's festival programme as we celebrate the 10th year of Féile na Carraige. This year's festival has wide range of events as evidenced in the programme. So all you need to do is choose the events that suit you.

The Upper Springfield community is proud of its heritage and history regarding Irish language revival and we have plenty to be proud of. This festival is an opportunity to make a song and dance about the strong Gaelic community that we have here.

So come and join us in celebrating the Irish Language in our community!

The Glór na Móna Board

glór na móna

Guth Gaelach an Uachtar Chluanaí



For information regarding an event,
please contact Brónagh:
02890 234442 oifig@glornamona.com

Foras na Gaeilge

Belfast City Council

Dé Luain / Monday 6th October

Singing Workshops

Holy Trinity Primary School : 10:00-12.00

Tosóidh an fhéile le cheardlainn cheoil sultmhar i mBunscoil na Trionóide Naofa i mbliana. Foghlaimeoidh na daoine óga sean amhráin chomh maith le hamhráin úra agus deis ag réaltaí na scoile lonnrú.

This year's festival will be kicked off with a fun filled singing workshop in Holy Trinity Primary School. This singing workshop will teach the young people some old and new songs, giving schools stars a chance to shine.



Dé Máirt / Tuesday 7th October

Na Bopóga

Naíscoil an tSléibhe Dhuibh:
10:00 – 10:40
Naíscoil na Móna: 11:15 – 11:50

Beidh Plúra Lúra agus a cairde i mbun seó idirghníomhach do na babaithe Gaelacha ag freastal ar na naíscoileanna áitiúla

Plúra Lúra and her friends put on a great interactive show for baby Gaeilgeoirs attending local Naíscoils

Dé Máirt / Tuesday 7th October

Na hAbair é, **Deán é**

Film Screening - Teach na Móna / Trinity Lodge: 19:00

Bhí clann Mhic Sheáin in éineacht le cúpla clann eile chun tosaigh i ngluaiseacht na Gaeilge agus ní féidir a shéanadh gur chuir siad na bunchlocha síos d'athbheochan agus beocht na teanga sa lá atá inniu ann. Labhraíonn Séamus Mac Seáin, Seán Mac Seáin, Bríghid Mhic Sheáin agus Máire Mhic Sheáin faoina dtaithí ag fás aníos i mBéal Feirste, ag dul isteach i ngluaiseacht na Gaeilge, ag bunú Ghaeltacht uirbeach Bóthar Seoighe, agus a ról sna chéad Ghaelscoileanna.

The Mac Seáin family were at the forefront of the Irish language movement and undoubtedly led the foundations for the revival and liveliness of the language today. Séamus Mac Seáin, Seán Mac Seáin, Bríghid Mhic Sheáin and Máire Mhic Sheáin talk about their experiences growing up in Belfast, becoming involved in the Irish language movement, founding the Shaws Road urban Gaeltacht, and their role in the first Irish-medium schools.

For more information contact Brónagh: 02890 234442 oifig@glornamona.com

"D'oibrigh muid faoi bhrú an t-am ar fad,
i gcónaí ag iarraidh dul anonn go dtí an chéad chéim eile.
Ní raibh am againn suí siar agus smaoineamh air."

"The way we worked, we were always under pressure, wanting to take the next step forward, we never had the time to sit back and think about it."

Séamus Mac Seáin



Dé Céadaoin / Wednesday 8th October

Maidin Chaife do Phinsinéirí / Pensioners' Coffee Morning

Coláiste Feirste: 10.00-11:30

Fáilteofar Grúpa Pinsinéirí de chuid Sheirbhísí Choirp Chríost chuig maidin chaife i gColáiste Feirste in éineacht le ceol traidisiúnta.

Local Senior Citizens' Group from Corpus Christi Services will be treated to a coffee morning in Coláiste Feirste where they can enjoy a relaxing cup of tea and scones along with some traditional Irish music.
For more information contact Brónagh: 02890 234442 nó oifig@glornamona.com

Dé Céadaoin / Wednesday 8th October

Tráth na gCeist, eagraithe in éineacht le Cumann Gaelach na Ceathrún Gaeltachta

Coláiste Feirste: 13:00 – 15:00

Beidh seans ag Gaeil óga atá ag tabhairt faoin Ardleibhéal Gaeilge bualadh le chéile agus a bheith in iomaíocht le **Corn na Carraige** a bhaint. Beidh orthu dul siar a dhéanamh ar an Eolas Ginéaralta s'acu, chomh maith leis an Cheol, an Tíreolaíocht, Stair agus a leithéidí. Tchífímid carb as a dtagann na Gaeil is géire sa chathair i ndiaidh an chomórtais shultmhair seo go cinnte.

Secondary Schools' Quiz – organised in conjunction with Cumann Gaelach na Ceathrún Gaeltachta

Young Gaels studying Irish A Level will have a chance to meet up and compete for **Corn na Carraige** (the Rock Cup). They will need to freshen up on their general knowledge, music, geography, history and the likes. We'll be sure to see who the sharpest Gaels in the city are in this great competition.

Déardaoin / Thursday 9th October

'Caoimhe & Cuairt ag Meán Oíche'

- i gcomhar le hAisling Óg.

Coláiste Feirste: 10.00

Is cailín dalba í Caoimhe. Bíonn sí ag pleidhcíocht ar scoil, ag tabhairt drochama dá tuisti agus an rud is measa ar fad, ní labhraíonn sí i nGaeilge. Ach oíche amháin agus í curtha a luí go luath, titeann eachtra amach a athraíonn gach rud go deo. Is scéal é seo a theagascann ceacht di faoin mheas, faoin chomhoibriú agus faoi thábhacht na Gaeilge.

Caoimhe is a naughty girl. She messes about at school, gives her parents a hard time and worst of all, she doesn't speak Irish. But one night, after being sent to bed early, she has an adventure that changes everything for ever.
This is a story that teaches her about sharing, being kind and caring and the fun she could have using her Irish.

Dé hAoine / Friday 10th October

Léacht Bhliantúil Harry Holland / Harry Holland Annual Lecture

Gort na Móna CLG: 19:00

Don léacht bhliantúil in ómós an fhir phobail Harry Holland, roghnaigh muid téama na mban de bharr go bhfuil comóradh céad bliain Chumann na mBann ann i mbliana. Chun an oíche a chríochnú, beidh ceol binn Gaelach againn a bhuí le hiníon Harry, Gráinne Holland.

Reabhlóidithe Docheansaithe – Athchuairt

leis an Dr Margaret Ward

Deánfar macnamh ar luathbhlianta Chumann na mBan sa léacht seo. A bhuí le habhár nua-aimsithe ó na cartlanna, beidh tuiscint níos fearr a cothú maidir le ról na mban poblachtánach.

Maidir leis an Dochtúir Magaret Ward

Is staraí feimineach í an Dr Margaret Ward. I measc a leabhair, tá *Unmanageable Revolutionaries: women and Irish nationalism*, chomh maith le beathaisnéisí Maud Gonne agus Hanna Sheehy Skeffington. Ba stiúrthóir í ar an Women's Resource and Development Agency ó 2005-2013 agus is anrá ar cuairt i Stair na hÉireann ar Ollscoil na Banríona. Luíonn suim taighde s'aici faoi láthair i nGluaiseacht na Sufráigéidí Ulaidh agus tionchar an Chogaidh Mhóir ar na mná Feirsteacha.

Maidir le Gráinne

Is as Iarthar Bhéal Feirste ó dhúchas do Ghráinne Holland agus tá sí ar dhuine de na hamhránaithe is úire atá i ndiaidh teacht chun cinn i saol an cheoil thraidisiúnta Ghaelaigh. Tá guth láidir álainn aici agus is ceannródaí í atá ag cur na hamhránaíochta Gaeilge os comhair lucht éisteachta nua agus ag athneartú agus ag athnuachan seanamhrán na nGael.
Thit Gráinne i ngrá leis an cheol agus leis an amhránaíocht agus í ina girseach óg. Tógadh le Gaeilge agus le Béarla í agus d'fhreastail sí ar an chéad Ghaelscoil i mBéal Feirste, Bunscoil Phobail Feirste, áit ar cothaíodh grá inti do na hamhráin traidisiúnta Ghaeilge.

For this year annual lecture in memory of community giant, Harry Holland, we have picked a theme looking at women due to the centenary of Cumann na mBan. To conclude the evening, it is only fitting that Harry's daughter Gráinne Holland takes to the stage to perform her brand of lyrical, traditional music.

Unmanageable Revolutionaries Revisited

Dr Margaret Ward

This lecture will consider the early years of Cumann na mBan, using newly released material from the archives to see how this adds to our understanding of the role played by republican women.

About Dr Margaret Ward

Dr Margaret Ward is a feminist historian. Her books include Unmanageable Revolutionaries: women and Irish nationalism, and biographies of Maud Gonne and Hanna Sheehy Skeffington. She was Director of the Women's Resource and Development Agency from 2005-2013 and is now a Visiting Fellow in Irish History with Queen's University. Her current research interests include the Ulster Suffrage Movement and the impact of the Great War on women in Belfast.

About Gráinne

Gráinne Holland, from Belfast is a fresh talent in the Irish traditional music circuit with amazing vocal strength and beauty. A pioneer in forging new territory for Gaelic song, Gráinne's exquisite lyrical charms breathe new life into the Gaelic verses of old.
Gráinne's love of Irish music and song began at an early age. A product of the Irish language revival in the North of Ireland, she was raised in both Gaelic and English and she attended the first Irish-medium school in Belfast. It was here that her love of traditional song was fostered.

Dé Sathairn / Saturday 11th October

Lá Teaghlaigh / Family Funday

Bunscoil an tSléibhe Dhuibh: 1pm – 4pm

Beidh Lá Teaghlaigh a reáchtáil againn i mBunscoil an tSléibhe Dhuibh lán spraoi agus spóirt. Beidh preabchaisleáin, péinteáil aghaidhe, dioscó - lá den scoth do dhaoine óga agus teaghlaigh i gcoitinne.

There will be a Family funday in Bunscoil an tSléibhe Dhuibh full of fun with bouncy castles, face painting, balloon modelling and disco. A great day out for both young people and families alike.

For more information contact Brónagh:
02890 234442 oifig@glornamona.com

Dé Sathairn / Saturday 11th October

Oíche Cheoil in éineacht leis an G Spota

O'Donnell's CLG: 20:30 Costas: £5 táille (pay at door)

Beidh oíche cheoil den chéad scoth againn le G Spota Bhéal Feirste. Club míosúil a dtagann le chéile a ghníomhaíonn chun athghabháil na Gaeilge a thiomáint agus todhchaí na teanga a chinntiú trí chosmhuintir na tíre. Beidh sár oíche cheoil ann le Blunderbrau agus Mo Hat MoGheansaí agus DJ Milene ina ndiaidh.

Maidir le Blunderbrau
Beocht, brí, bréaga, buillí, bodhráin 's amhráin ... bíonn siad uilig le haimsiú ag cuid coirmeacha ceoil Blunderbrau. Tá siad i gceann a chéile anois ag seinm le blianta fada ar chuid cladaigh Thír Chonaill, ach tá Béal Feirste Cois Cuain á mealladh. Amhráin idir Gaeilge 's Béarla ón cheoltóir cumasach Dónall Mac Ruairí, a thionlacan ag Nioclás Mac Cathmhaoil ar an ghiotár gan trácht ar na foinn, idir sean 's nua-chumtha, le Joe 'The Lips' Mac Grianna.

Maidir le Mo Hat Mo Gheansaí
Is grúpa ceoltóirí óga é Mo Hat Mo Gheansaí a sheineann meascán de cheol tíre Éireannach agus bunamhráin faoi anáil an cheoil thraidisiúnta.
Casann an cúigear glór ann amhráin a bhfuil seanaithne againn orthu i mbealach úrnua anuas ar bhlas milis saibhir a leagan ar a gcuid ceoil dátheangaigh féin.

Music Night with G Spota

Feile na Carraige and G Spota are coming together this year to host a great night of music. G Spota is a monthly club that moves about the city to create a social space for Gaels. This collaboration promises a great night of Irish as well as international music with BlunderBrow and Mo Hat Mo Gheansaí taking to the stage and DJ Milene closing the night.

About Blunderbrau
Energy, revelry and fun are all guaranteed at a Blunderbrau gig. With the band effortlessly synced after playing together for years in their native Donegal, Belfast is now beckoning. A mix of both Irish and English songs from renowned singer Dónall Mac Ruairí, accompanied by Nicolás MacCathmhaoil on the guitar not to mention the mix of old and modern tunes with Joe 'The Lips' Mac Grianna.

About Mo Hat Mo Gheansaí
Mo Hat Mo Gheansaí is a young band who plays a mix of Irish folk and grad-infused originals inspired by traditional music. Their five-part vocals bring a new edge to some well-known songs while adding an original zest to their own bilingual music.

AN G SPOTA

ceol nua
sean-nós
gaelchraic!

MISNEACH

Dé Domhnaigh / Sunday 12th October

Blitzchomórtas Peile faoi 10 / U10 Football Blitz

Páirc Mhic Ionnrachtaigh, Gort na Móna CLG: 11:00

Imreoidh clubanna CLG Iarthar Bhéal Feirste agus ceantAr maguaird sa bhlitzchomórtas bhliantúil do dhaoine faoi 10. Beidh na clubanna in iomaíocht do chorn, sciath agus pláta. Ádh mór oraibh ar fad!

CLG clubs from Belfast and surrounding areas will compete once again in the annual U10 Football Blitz. The clubs will compete for Cup, Shield and Plate. Good luck to all clubs!

Siúlóid Reilige / Graveyard Walk

Meeting at the front gates of City Cemetery: 11:00

Beidh siúlóid treoraithe againn, éascaithe ag Jake Mac Siacais, ag amharc ar an stair atá laistigh de bhallaí na reiligí áitiúla. Tá na reiligí lán oidhreacht shóisiálta agus pholaitiúil na cathrach agus díreoidh Jake ar an stair seo i Reilig na Cathrach agus Reilig Bhaile an Mhuilinn. Bígí linn!

Maidir le Jake
Is gníomhaí teanga agus pobail aitheanta é Jake Mac Siacais i mBéal Feirste le níos mó ná tríocha bliain anuas. Is staraí áitiúil é agus stiúrthóir ar an áisíneacht fhorbartha Gaeilge, Forbairt Feirste, atá ar thús cadhnaíochta i bhforbairt agus cur chun cinn na Ceathrún Gaeltachta anseo in Iarthar Bhéal Feirste.

Le haghaidh tuilleadh eolais fá imeacht ar bith, teagmháil Bróna le do thoil:
02890 234442 oifig@glornamona.com

We will have a guided walk of our local cemeteries led by Jake MacSiacais looking at the history within their walls. The cemeteries are filled with the city's social and political heritage and Jake will take us through the history within both City cemetery and Milltown cemetery. Don't miss out!

About Jake
Jake MacSiacais is a well known Irish language and community activist in Belfast for more than thirty years. He is a local historian and the director of Irish language development agency, Forbairt Feirste, the vanguard in the development and promotion of the Gaeltacht Quarter here in Belfast.

For further information regarding an event, please contact Brónagh:
02890 234442 oifig@glornamona.com